


SAMHLAÍOCHT








Plean Ceachta

- Iarr ar na páistí portráid díobh féin a tharraingt sna bolgáin smaoinimh ar an mbileog oibre.
- Labhair leis an rang faoi na cineálacha gníomhaíochtaí a shamhlaigh an Buachaill go ndéanfadh sé dá mbeadh Réalta mar chara aige (picnic a bheith acu, folach bíog a dhéanamh srl.).
- Iarr ar na páistí na rudaí a dhéanfaidís féin dá mbeadh Réalta mar chara acu a roinnt leis an rang. Tabhair am dóibh le bheith ag brionglóideach (5/10 nóim) agus ansin iarr orthu na brionglóidí a bhí acu a tharraingt sna bolgáin smaoinimh.



How to
Catch
a Star

Emotions









SMAOINTE

Plean Ceachta

- Iarr ar na páistí portráid díobh féin a tharraingt sna bolgáin smaoinimh ar chóip ghlan nua den bhileog oibre a d'úsáid sibh don cheacht samhlaíochta.
- Labhair leis an rang faoi na SMAOINTÍ éagsúla a bhí ag an mBuachaill agus é ag iarraidh oibriú amach conas an Réalta a bhaint anuas ón spéir (crann a úsáid mar chatapalt, bróga preabacha srl).
- Iarr ar na páistí na rudaí a dhéanfaidís féin chun an Réalta a bhaint anuas ón spéir a roinnt leis an rang. Tabhair roinnt ama dóibh le bheith ag smaoineamh (5/10 nóim) agus ansin iarr orthu na smaointí sin a tharraingt sna bolgáin smaoinimh.



SMAOINTE






MOTHÚCHÁIN

Plean Ceachta

- Ag deireadh an taispeántais, bíodh comhrá ranga agaibh faoi na mothúcháin éagsúla ar fad a bhí ag an mBuachaill sa scéal. Cad a mhothaigh sé, cén uair, agus cén fáth? Céard a tharla sa scéal a spreag na mothúcháin sin sa mBuachaill? Cuir smaointí agus tuairimí na bpáistí ar an gclár bán.
- Roghnaigh ceithre mhothúchán ón liosta atá curtha le chéile agaibh.
- Bain úsáid as na ciorcail agus iarr ar na páistí aghaidh a tharraingt a léiríonn na mothúcháin a roghnaigh sibh.
- D'fhéadfaidís dath a roghnú a théann leis an mothúchán, dar leo, agus an aghaidh a dhathú isteach leis. Níl aon rogha mícheart ann! Faigh amach uathu cén fáth ar roghnaigh siad na dathnanna sin.
- Sna boscaí taobh leis na ciorcail is féidir dhá thasc éagsúla a dhéanamh:
 - a. Iarr ar na páistí radharc ó scéal How To Catch A Star a tharraingt inar thaispeáin an Buachaill an mothúchán a léirítear san aghaidh chuí.
 - b. Iarr ar na páistí am éigin ina saol féin a tharraingt nuair a mhothaigh siad an mothúchán a léirítear san aghaidh chuí.







Samplaí de Mhothúcháin sa scéal:


- Sceitimíní: Nuair a fheiceann an Buachaill an Réalta den chéad uair agus é ina shuí ar an díon.
- Frustrachas: Nuair nach n-oibríonn a roicéad.
- Leadrán: Nuair nach bhfeiceann sé réalta ar bith sa spéir agus é ag fanacht sa bpáirc.
- Eagla: Nuair a bhaineann an Réalta geit as agus téann sé i bhfolach taobh thiar den chrann.
- Áthas: Nuair atá sé féin agus an Réalta sa tóir ar a chéile
- Imní: Nuair a thiteann an Réalta isteach san fharraige.
- Cineáltas: Nuair a chuireann an Buachaill hata agus scairf ar an Réalta mar go bhfuil an Réalta fuar.
- Ionadh: Nuair a léimeann an Réalta amach ón vardrús agus iad ag imirt folach bíog.
- Brón: Nuair a phléascann an Réalta amach tríd an díon.



How to
Catch
a Star

Mothúchán





NA RUDAÍ IS FEARR LIOM

Plean Ceachta

- Déan an rud is fearr leis an mBuachaill (réaltaí) agus cén fáth gurb iad an rud is fearr leis a phlé mar rang.
- Iarr ar na páistí machnamh a dhéanamh faoin rud is fearr leo féin agus pictiúr a tharraingt dhó.
- Croch na pictiúirí ar an mballa le Gailearaí na Rudaí is Fearr a chruthú.
- Ceacht Buíochais: mar obair bhaile, iarr ar na páistí grianghraif a thógáil, le cabhair óna dtuismitheoirí, de 3 cinn de na rudaí is fearr leo sa mbaile, agus póstáil ar Seesaw iad.



CEOL MACHNAMHACH

Plean Ceachta

- Sa cheacht seo éistfidh na páistí le ceol ón taispeántas agus, lena súile dúnta, tarraingeoidh siad píosaí ealaíne mothúchánacha mar fhreagra ar na gnéithe éagsúla sna hamhráin.
- Tabhair píosa páipéir bán, A3 más féidir, do gach páiste. Ceangail an páipéar leis an mbord os a gcomhair amach le téip. Tabhair cúpla crián de dhathanna éagsúla do gach páiste.
- Ísligh nó múch na soilse sa seomra ranga agus iarr ar na páistí a súile a dhúnadh agus sibh ag éisteacht leis an gceol.
- Sula n-éisteann sibh leis an gceol d'fhéadfaí ceacht beag anála nó machnaimh a dhéanamh leis na gasúir chun iad a chur ar a suaimhneas.
- Éist leis an traic uair amháin gan aon rud a tharraingt. Nuair a chríochnaíonn sé cuir ceist ar na páistí faoi na fuaimeanna éagsúla a chuala siad.
- Roghnaigh ceann amháin de na fuaimeanna sin. Iarr orthu crián a roghnú, é a chur ar an bpáipéar agus é a choinneáil ar an bpáipéar an t-am ar fad. Iarr orthu é a bhogadh leis an gceol nó leis an bhfuaim a bhfuil siad ag díriú air.
- Sula n-éisteann sibh leis an gceol an dara huair, abair leo a súile a dhúnadh arís.
- Faoi dheireadh an pháiosa ceoil ba cheart go mbeadh líne scríobtha ag lúbadh ar fud an pháipéir, ag brath ar an mbrí a bhain siad as an bhfuaim a roghnaigh tú.
- Roghnaigh fuaim eile ón traic, crián de dhath éagsúil agus éist arís! Leanaigí oraibh go dtí go bhfuil an páipéar breac le línte lúbtha mothúchánacha.

Meditative Music | Ceol Machnamach

by

Colm Mac Con Iomaire

[https://soundcloud.com/branarteatar/meditative-music-ceol-machnamach/s-hBvNEXqh7i9?utm_source=clipboard&utm_medium=text&utm_campaign=social sharing](https://soundcloud.com/branarteatar/meditative-music-ceol-machnamach/s-hBvNEXqh7i9?utm_source=clipboard&utm_medium=text&utm_campaign=social%20sharing)